

AN BHRÍ A BHAINNEANN LE PÓSADH



Is gaolmhaireacht faoi leith í an pósadh,
difriúil ó gach eile gaolmhaireacht



Ráiteas Tréadach ó Chomhdháil Easpag
Caitliceach Éireann



IRISH CATHOLIC
BISHOPS' CONFERENCE
COMHDÁIL EASPAG CAITLICEACH ÉIREANN

Is gaolmhaireacht faoi leith í an pósadh, difriúil ó gach uile cheann eile

Foirm uathúil den ghrá idir fear agus bean atá i ngrá pósta agus tá tairbhe speisialta ag an ghrá seo maidir leis an sochaí i gcoitinne.¹ Breathnaíonn an Eaglais Chaitliceach, chomh maith le Críostaithe eile agus iad siúd nach bhfuil aon dearcadh creidimh ar leith acu, ar an teaghlach bunaithe ar phósadh idir bean agus fear mar an institiúid aonarach is tábhachtaí in aon sochaí. Dá ndéanfaí iarracht nádúr an phósta a ath-shainmhíniú bhainfí an bonn de bhloc bhunúsach tógála ár sochaí. Féachann an Eaglais, chomh maith le daoine eile chuige, an bonn réasúnach gur cóir go mbeadh an pósadh in áirithe don chaidreamh uathúil chomhlántach idir bean agus fear, a athdhearbhú – caidreamh a dhéanann giniúint agus tógáil leanaí indéanta. Tá an tuiscint seo ar an phósadh fréamhaithe go domhain i ngach cultúr: níl i gceist aici duine ar bith a fhágáil amach nó a chur faoi mhíbhuntáiste.

Tá sé de cheart nádúrtha ag leanaí máthair agus athair a bheith acu, agus nuair is féidir, seo í an timpeallacht is fearr dóibh. Dá bhrí sin, tá aitheantas agus cur chun cinn faoi leith tuillte ag an timpeallacht seo ón Stát.

1. Cf. *Relatio Synodi* den Tríú Tionól Urghnách Ginearálta de Shionad na nEaspag: ‘Dúshláin Tréadach an Teaghligh i gComhthéacs na Soiscéalaíochta’ (5–19 Deireadh Fómhair 2014), 4.

PLEAN DÉ DON PHÓSADH

Léiríonn Leabhar Geineasas dúinn gur cruthaíodh fear agus bean ar dheilbh agus ar chosúlacht Dé; laithníonn siad go bhfuil siad cruthaithe ar son a chéile (cf. Gein 1:24-31; 2:4b-25). Is trí thuismeadh a chomhoibríonn fear agus bean le Dia an bheatha a ghlacadh agus a tharchur: ‘Agus an bheatha dhaonna á seachadadh acu chuig a sliocht, bíonn an fear agus an bhean, ina gcéilí agus ina dtuismitheoirí dóibh, ag comhoibriú le saothar an Chruthaitheora ar dhóigh uathúil’ (CEC, 372).² Teagasc Íosa féin gur idir fear agus bean atá an pósadh: ‘Nár léigh sibh go ndearna an Cruthaitheoir ó thús iad fireann agus baineann ... Mar gheall ar sin, fágfaidh duine a athair agus a mháthair chun bheith go dlúth i bpáirt lena bhean, agus aon cholainn amháin a bheidh sa bheirt acu’ (Matha 19:4-6).³ Mar Críostaithe is é ár n-aithne bunúsach an grá. Éilíonn an grá i gcónaí go mbeadh meas againn ar dhínit gach duine daonna. Sin é an fáth go múineann an Eaglais Chaitliceach go soiléir go déileálfar i gcónaí le daoine homaighnéasacha le híogaireacht, le trua agus le meas. Ní easpa íogaireachta nó easpa measa do dhaoine homaighnéasacha atá i gceist nuair a dhearbhaítear go bhfuil éagsúlacht bunúsach oibiachtúil ann idir chaidreamh idir dhaoine leis an gnéas céanna agus caidreamh idir dhaoine de inscne chontrártha agus go ndéanann an sochaí róil chomhlántacha máithreacha agus aithreacha i nginiúint agus i dtógáil leanaí a luacháil.

Níl an díospóireacht ag croilár an ghlaoch do ‘pósadh ghnéas céanna’ faoi chomhionannas nó faoi scaradh dearcadh reiligiúnach an phósta ó dearcadh sibhialta an phósta. Is faoi nádúr an phósta féin an díospóireacht agus ar an tábhacht a chuireann an tsochaí ar an ról atá ag máithreacha agus ag aithreacha i dtógáil leanaí. Leanfaidh an Eaglais Chaitliceach, chomh maith le daoine eile, ag dearbhú nach de thaisme iad na difríochtaí atá ann idir an fear agus an

2. Cf. *Instrumentum Laboris* den Triú Tionól Urghnách Ginearálta de Shionad na nEaspag: ‘Dúshláin Tréadach an Teaghligh i gComhthéacs na Soiscéalaíochta’ (26 Meitheamh 2014), 1.

3. *An Tábhacht a Bhaineann le Pósadh*, Comhdháil Easpag Caitliceach Éireann, ‘Plean Dé don Pósadh’, lch. 1. Cf. Freisin *Relatio Synodi* den Triú Tionól Urghnách Ginearálta de Shionad na nEaspag: ‘Dúshláin Tréadach an Teaghligh i gComhthéacs na Soiscéalaíochta’ (5–19 Deireadh Fómhair 2014), 15–16.

bhean ach gur difríochtaí bunúsacha iad agus go bhfuil ceart nádúrtha ag leanaí, máthair agus athair a bheith acu agus gurb é seo an timpeallacht is fearr dóibh nuair is féidir. Dá bharr sin, tá aitheantas agus cur chun cinn speisialta tuillte ag an timpeallacht seo ón Stát.

BRÍ AN PHÓSTA

Caidreamh uathúil difriúil ó gach caidreamh eile atá sa phósadh. Tréith riachtanach an phósta ná an fhíric bitheolaíochta gur féidir le fear agus bean a bheith páirteach le chéile mar dhaoine fireann agus baineann in aontas atá dírithe chuig giniúint beatha nua. Soláthraíonn aontas an phósta leanúnachas don chine daonna agus forbairt don sochaí daonna.

An difríocht atá ann idir fear agus bean a chintíonn gan dabht an t-aontas uathúil seo eatarthu, an chomhpháirtíocht uathúil den saol agus den ghrá atá sa phósadh.

**Tréith riachtanach an phósta
ná an fhíric bitheolaíochta
gur féidir le fear agus bean a
bheith páirteach le chéile mar
dhaoine fireann agus baineann
in aontas atá dírithe chuig
giniúint beatha nua.**

Tá an chomhlántacht fireann–baineann intreach don phósadh. Tá sé ordaithe go nádúrtha i dtreo aontas gnéasach i gcaidreamh tiomanta dílis mar bhonn do ghiniúint beatha nua. Tugann nádúr fíor an phósta, oscailte do bheatha nua, finné do bhronntanas lómhar an linbh agus do róil leithleacha na máthar agus an athar.

Tugann fear agus bean atá aontaithe i bpósadh, mar fear agus bean chéile, fianaise do phlean Dé ó thaobh beatha agus grá de i slí nach féidir le daoine eile nó le gaolta eile a dhéanamh.

Ní foras príobháideach atá sa phósadh. Leas an teaghlach agus a áit sa tsochaí – ní ábhair iad seo is cúram don bhfear agus don bhean chéile amháin, ach don tsochaí i gcoitinne. Tugann an sochaí aitheantas speisialta don teaghlach toisc gurb ann a fhoghlaimíonn páistí conas a bheith mar bhaill don teaghlach agus mar bhaill don tsochaí.

REACHTAÍOCHT A BHAINNEANN LE PÓSADH IN ÉIRINN

Dhearbhaigh Easpaig Chaitliceacha Tuaisceart Éireann i litir oscailte ar an 28ú Aibreán 2014 chuig gach Comhalta de Thionól Reachtach Thuaisceart Éireann, i dtaca lena ndíospóireacht ar an gceist seo, ‘bloc tógála bunúsach na sochaí é an pósadh idir fear agus bean – bloc a dhéanann ranníocaíocht uathúil, nach féidir a chomhshamhail a sholáthar, don leas coiteann agus don tsochaí chomh maith. Dá bhrí sin tá aitheantas speisialta agus cur chun cinn tuillte aige ón Stát’.

Maidir leis an teaghlach deir Bunreacht na hÉireann gur ‘fótha riachtanach don ord chomhdhaonnach ... é (agus) do leas an Náisiúin agus an Stáit’ (Airt. 41.1.2°). ‘Ós ar an bPósadh atá an Teaghlach bunaithe gabhann an Stát air féin coimirce faoi leith a dhéanamh ar ord an phósta agus é a chosaint ar ionsaí’ (Airt. 41.3.1°). Dá ndéanfaí aon iarracht an chosaint seo a athrú dhéanfaí athrú radacach ar bhrí an phósta – bunchloch na sochaí – sa doiciméad a léiríonn luachanna bunúsacha Stát na hÉireann.



CÉN FÁTH GO BHFUIL TÁBHACHT FAOI LEITH AG BAINT LEIS AN BPHÓSADH?

Sa phósadh, geallann fear agus bean grá agus dílseacht dá chéile go scara an bás iad. I ngan fhios céard a bhíonn rompu geallann siad grá dá chéile is cuma céard a bhíonn amach rompu. Cé go bhfuil a fhios againn go bhfuil seans ann go mbrisfear a dtiomantas agus go dtiocfaidh brón dá bharr sin, aithnímid freisin go bhfuil go leor lánúineacha ann a chomhlíonann a ngealltanais pósta go dílis.

Soláthraíonn grá tiomanta pósta timpeallacht oiliúnach do pháistí. Is sa timpeallacht seo a fhaigheann páistí an oiliúint is tábhachtaí agus is buaine. Foghlaimíonn siad conas a bheith mar bhaill teaghlaigh agus mar bhaill sochaí.



DÚSHLÁIN DON PHÓSADH INNIU.

Tá a fhios againn go mbíonn go leor dúshláin ag lánúin phósta, pósadh atá láidir agus buan a chothú.⁴ Dúshlán mór atá in aon tairiscint a fhéachann le hathshainmhíniú a chur ar bhrí agus ar chuspóir an phósta ar a bhfuil an teaghlach bunaithe, ag athrú sainmhíniú an phósta chun stádas an phósta a bhronnadh ar lánúin chomhghnéiseach. Dá ndéanfaí é seo, chiallófaí faoin dlí sibhialta, nach bronntanas tiomanta idir fear agus bean i gcomhchaidreamh ‘go scara an bás iad’, comhchaidreamh atá in ann a bheith torthúil i mbeatha nua daonna, a bheadh sa phósadh a thuilleadh. Tá tairiscint den chineál seo bunaithe ar thoimhdiú maidir leis an phósadh, bunchloch an teaghlaigh agus a aithnítear i gcónaí mar ‘buíon-aonad príomha bhunaidh don chomhdhaonnacht de réir nádúir’,⁵ nach mbaineann aon rud leithleach leis an bpósadh agus bunaithe freisin ar an toimhdiú gur féidir seasamh sóisialta an phósta a chur ar ceal gan a ról sóisialta a dhéanamh doiléir.

Tá tairiscint den chineál seo bunaithe ar thoimhdiú maidir leis an phósadh, bunchloch an teaghlaigh agus a aithnítear i gcónaí mar ‘buíon-aonad príomha bhunaidh don chomhdhaonnacht de réir nádúir’, nach mbaineann aon rud leithleach leis an bpósadh agus bunaithe freisin ar an toimhdiú gur féidir seasamh sóisialta an phósta a chur ar ceal gan a ról sóisialta a dhéanamh doiléir.

4. Cf. *Relatio Synodi* den Tríú Tionól Urghnách Ginearálta de Shionad na nEaspag: ‘Dúshláin Tréadach an Teaghlaigh i gComhthéacs na Soiscéaláíochta’ (5–19 Deireadh Fómhair 2014), 5–7.

5. Bunreacht na hÉireann, 41.1.1°.

Ba cheart go mbeadh dearbhú ann do gach éinne atá i gcineálacha éagsúla caidrimh tiomanta, go ndéanfar iad a chosaint nuair a thagann deireadh leis an chaidreamh, cibé acu trí bhás nó trí bhriseadh an chaidrimh. Ní cúis inní do lánúin chomhghnéasacha amháin é nuair a tharlaíonn a léithéid.

Beart ar son an chirt atá ann nádúr uathúil an phósta, mar aontas idir fear amháin agus bean amháin, a chosaint agus a chur chun cinn. Tá lánúineacha comhghnéiseacha, ón nádúr atá acu, difriúil ón bpósadh. Trí leasú dlíthúil a chur chun cinn a chuirfeadh lánúineacha homaighnéasachta ar an mbonn chéanna le pósadh, bheifear á rá nach raibh aontas buan fear céile agus bean céile agus a nginiúint agus a gcothú don bheatha sin, mar bhonn don sochaí a thuilleadh.

BEART AR SON AN CHIRT ATÁ ANN PÓSADH A CHOSAINT

Séard is brí le pósadh ná aontas idir fear agus bean. Séard is brí le fear céile ná fear a bhfuil bean céile aige; séard is brí le bean céile ná bean a bhfuil fear céile aici. Ní féidir le lánúin chomhghnéiseach a bheith ina fhear céile agus ina bbean céile. Ní féidir le lánúin chomhghnéiseach leanbh a thuismiú trí ghníomh ghnéasach a chuireann grá pósta in iúl.

Go minic cuireann na daoine a lorgaíonn aitheantas dleathach do lánúineacha comhghnéiseacha a gcás i láthair mar bheart a bhaineann le cothroime, le combhionannas agus le cearta sibhialta. Dearbhaíonn an Eaglais gur cóir cearta sibhialta bunúsacha a thabhairt do gach duine. Is cóir agus is féidir é seo a bheith indéanta gan bunchloch an sochaí, atá bunaithe ar an pósadh agus ar an teaghlach, a íobairt. Níl an seasamh seo i bhfabhar cosc a chur ar chearta sibhialta ach i bhfabhar cosaint agus seasamh a thabhairt do bhrí an phósta.

Éagóir cheart atá ann má dhéanann an Stát neamhaird den áit uathúil atá ag fir agus ag mná céile, ag máithreacha agus ag aithreacha, sa sochaí againn. Tá tuiscint shoiléir ar an tábhacht a bhaineann le pósadh tuillte ag leanáí fad is

atá siad ag fás agus ag teacht in aibíocht. Gan cosaint agus tacaíocht do áit uathúil an phósta sa tsochaí, d'fhéadfadh an Stát, dáiríre, an ceart atá ag leanaí le máthair agus le hathair a bhaint díobh.

**Go minic cuireann na daoine
a lorgáíonn aitheantas
dleathach do lánúineacha
comhghnéiseacha a gcás i
láthair mar bheart a bhaineann
le cothroime, le comhionannas
agus le cearta sibhialta.
Dearbhaíonn an Eaglais gur
cóir cearta sibhialta bunúsacha
a thabhairt do gach duine.
Is cóir agus is féidir é seo a
bheith indéanta gan bunchloch
an sochaí, atá bunaithe ar an
phósadh agus ar an teaghlach,
a íobairt.**

Tá sé aitheanta ag daoine reiligiúnacha agus ag daoine neamh-reiligiúnacha le fada an lá agus tá a fhios acu de réir taithí, gurb é an teaghlach, bunaithe ar phósadh bean agus fear, an áit is fearr agus is oiriúnach do leanaí. Bloc tógála bunúsach na sochaí atá sa teaghlach a dhéanann deonachán uathúil don leas coiteann – deonachán nach féidir a chomhshamhail a sholáthar. Dá bhrí sin, tá aitheantas speisialta agus cur chun cinn tuillte aige ón Stát.

Dáiríre, deir na moltaí chun athrú a thabhairt do bhrí an phósta, le tuismitheoirí le leanaí agus leis an sochaí, nach cóir agus nach ceart don Stát aon timpeallacht normatach nó idéalach don teaghlach chun leanaí a chothú, a chur chun cinn. Ciallaíonn sé, dá bhrí sin, nach bhfuil aon

luach intreach don leanbh nó don tsochaí, ag baint leis an cheangal bitheolaíochta agus leis na bannaí nádúrtha idir an leanbh agus a mháthair agus a athair. Mar a dúirt an Pápa Proinsias le déanaí, ‘Ní mór dúinn a athdhearbhú an ceart atá ag leanaí éiriú aníos i dteaghlach le hathair agus le máthair atá in ann timpeallacht oiriúnach do fhorbairt an linbh agus do aibíocht mhothúchánach a chruthú’.⁶

Tá tuiscint shoiléir ar an tábhacht a bhaineann le pósadh tuillte ag leanaí fad is atá siad ag fás agus ag teacht in aibíocht. Gan cosaint agus tacaíocht do áit uathúil an phósta sa tsochaí, d’fhéadfadh an Stát, dáiríre, an ceart atá ag leanaí le máthair agus le hathair a bhaint díobh.

I gcónaí beidh cúinsí ann nach féidir le leas linbh ar leith a sholáthar ach i socrú de chineál éagsúil. Tá sé tábhachtach to dtugann an Stát tacaíocht phraiticiúil do na socruithe seo. Ní ionann seo is a rá nach riachtanach a thuilleadh do leas an phobail nach cóir go dtabharfadh an Stát aitheantas ar leith do leanaí a tógadh ag tuismitheoirí bitheolaíochta i bpósadh tiomanta. I gcás nach féidir le fear agus bean chéile leanaí dá gcuid féin a bheith acu, is féidir le nádúr a bpósadh máthair agus athair a sholáthar do leanbh trí uchtú nó trí altramú. Creidimid gur chóir don Stát seirbhísí níos fearr chun tacú le pósadh a chur ar fáil, inar féidir le máithreacha agus le haithreacha timpeallacht sheasmhach, ghrámhar a sholáthar do leanaí chun go dtiocfadh borradh agus fás orthu.

6. Aitheasc an Phápa Proinsias le comhaltaí BICE (Biúró Idirnáisiúnta Leanaí Caitliceacha) ag éisteacht sa Vatacáin, 16ú Aibreán 2014.

SACRAIMINT AN PHÓSTA

Comhpháirteachas iomlán beatha agus grá idir Dia agus an lánúin phósta ina saol teaghlaigh atá sa phósadh.

I sochaithe agus i reiligiúin éagsúla ar fud an domhain, aithnítear grá fear agus bean chéile a bheith mar bhonn don réaltacht shóisialta. Ag tabhairt aitheantas agus ag dearbhú an meas is cuí do institiúid an phósta, tugann an tuiscint Chaitliceach ar an bpósadh ‘diminsean’ nua dó; beannacht speisialta, mar gheall ar Chríost, atá sa phósadh. Sacraimint atá sa phósadh, comhartha grá Dé. Comhpháirteachas iomlán beatha agus grá idir Dia agus an lánúin phósta ina saol teaghlaigh atá sa phósadh.

‘Trí chabhair ghrásta na Sacraiminte, coisriceann Dia grá fear agus bean chéile agus dearbhaíonn sé carachtar doscaoilte a ngrá, ag tairiscint cúnaimh dóibh maireachtáil i ndílseacht agus i gcomhchomhlántacht le chéile, oscailte do bheatha nua.’⁷

Is é glao agus misean lánúineacha pósta ná a bheith ina gcomharthaí infheicthe do ghrá Dé, eatarthu féin, dá leanaí agus don phobal trí chaidreamh dílis atá oscailte don bheatha.

Tá grá Dé iontaofa agus dílis go síoraí. Déanann grá pósta iarracht an grá sin a léiriú mar mhuintearas dílis do bhríste. Toisc gur sacraimint é an pósadh, cúisíonn agus doimhníonn sé an grá a léiríonn sé. Nuair atá sacraimint an phósta beo i saol na lánúine, saibhrítear a gcuid leanaí trí pháirt a bheith acu i ngrá Dé.

Is ceart a rá go bhfuil an pósadh agus an teaghlach faoi bhrú mhór, sa lá atá inniu ann. Tá brúnna eacnamaíochta, inní

7. Cf. *Relatio Synodi* den Tríú Tionól Urghnách Ginearálta de Shionad na nEaspag: ‘Dúshlán Tréadach an Teaghlaigh i gComhthéacs na Soiscéalaíochta’ (5–19 Deireadh Fómhair 2014), 21.



Íocón de Bhainis Chána (cf. Eoin 2:1-11) a léiríonn fonn Íosa, trí spreagadh Mhuire, cuidiú leis an bhean agus leis an bhfear (an lánúin i lár).

faoi shláinte, pian na dífhostaíochta agus na heisimirce, brúnna sóisialta ag brú, ach go háirithe, ar baill óige an tsochaí. Tá a chuid fadhbanna féin ag gach teaghlach.

Ach in ionad tosú leis na fadhbanna agus leis na dúshláin, d'fhéadfaimis tús a chur le machnamh ar bhrí an phósta mar shacraimint agus ar an bheannacht gur féidir a bheith inti don lánúin agus don sochaí.

Tá a fhios ag Críostaithe i gcónaí nach éasca é an pósadh. Ag tús an phósta, i rith searmanais an phósta, déanann an lánúin nuaphósta gealltanais a bheith fíor dá chéile 'le maith nó le holc, más saibhre, más boichte, i mbreuiteacht agus sa tsláinte'. Threoraigh grá Chríost dúinn, grá a léirítear sa phósadh, chuig an feall, chuig tréigean cairde agus chuig bás léanmhar ar an gcrois. Ach b'shin freisin an cosán a threoraigh é agus a threoraíonn sinne chuig an lánsástacht, áit a 'Glanfaidh sé gach deoir óna súile, agus ní bheidh an bás ann feasta' (Apacailipsis Eoin 21:4) agus áit a dhéanfar gach ní nua ag Dia. Sa domhan éiginnte seo, lena phian go léir, glactar leis an bpósadh mar ghealltanais don 'dóchas mór atá le fáil i nDia amháin'.⁸ Osclaíonn creideamh i gCríost, creideamh a mbíonn beo i sacraimint an phósta, firinne don lánúin a thugann brí don bheatha, dóchas dóibh chun

8. Imlitir, *Spe Salvi*, ón bPápa Beinidict XVI (2007), 31.

ciall a dhéanamh as na dúshláin achrannacha agus as an bhochtaineacht agus an bhreiteacht le chéile.

Faigheann fir agus mná comhluadar sa ghaol sin, áit ina chomhlánaíonn siad a chéile, ní toisc gur mar a chéile iad ach toisc go bhfuil siad difriúil óna chéile, le hábhair spéise éagsúla, le dearchtaí, taithí agus cúlraí teaghlaigh difriúla a thugann siad chuig an chaidreamh. Tá siad difriúil ó chéile mar gheall ar gach ceann de na toscaí seo, ach tá siad éagsúil óna chéile freisin toisc gur ó ghnéas éagsúil iad. I gcás formhór lánúineacha, ciallaíonn an difríocht sin gur féidir lena gcaidreamh a bheith torthúil ar bhealach faoi leith. Tig lena ngrá beatha nua daonna a chruthú. Sa leanbh, toradh a ngrá, feicfidh siad na cáilíochtaí agus na cleachtaí atá ag an mbeirt acu ag teacht chun fíorfhás i nduine daonna nua. Cosúil leo féin, is comhalta den teaghlach daonna an duine beag seo, agus cosúil leo féin, is leanbh Dé atá ann atá ag tosú ar an aistear go dtí an áit ina dhéanann Dia gach rud nua.

**Faigheann fir agus mná
comhluadar sa ghaol sin, áit
ina chomhlánaíonn siad a
chéile, ní toisc gur mar a chéile
iad ach toisc go bhfuil siad
difriúil óna chéile**

Ní dóibh féin amháin a bpósadh nó do na leanaí a d'fhéadfadh a bheith acu. An eaglais sa bhaile atá sa teaghlach. Tá an lánúin nuaphósta coisricthe agus mar lánúin phósta, i ngleic lena ngairm bheatha, saibhríonn siad an pobal i gcoitinne, ag tabhairt borradh don Eaglais lena gcuid grá mar fhear agus mar bhean chéile. Le tuismeach agus le tógáil leanaí dearbhaíonn siad áilleacht an ghrá, áilleacht atharthachta agus áilleacht máithreachais agus tá an dínit acu a bheith rannpháirteach in obair chruthaitheach Dé. Tugann 'an fíorfhás idir fhear agus bean chéile' le tuiscint an bronntanas frithpháirteach dá chéile agus tugann sé san áireamh agus

comhcheanglaíonn sé na gnéithe gnéasacha agus na gnéithe mothaitheacha, de réir an phlean dhiaga.⁹ Dúirt Naomh Eoin Pól II go dtugtar faoin phósadh in ‘éilimh nithiúla’ den saol laethúil.¹⁰

Mar Caitlicigh, ní leor dúinn labhairt faoi thábhacht an teaghlaigh. Tá freagracht orainn an méid gur féidir linn a dhéanamh chun tacaíocht phraiticiúil a thabhairt don phósadh agus don teaghlach i bpobail ár bparóistí, inár liotúirge, inár ngníomhú tréadach agus mar bhaill aonaracha den tsochaí trínár ngníomhartha sóisialta agus polaitiúla.

Ní dóibh féin amháin a
bpósadh nó do na leanaí a
d’fhéadfadh a bheith acu.
An eaglais sa bhaile atá sa
teaghlach



9. Bunreacht Thréadach faoin Eaglais sa Domhan sa Lá atá Inniu ann, *Gaudium et Spes*, ón bPápa Pól VI (1965), 48–49.

10. Cf. Aitheasc Aspalda, *Familiaris Consortio*, Ar Ról an Teaghlaigh Chríostai sa Lá atá Inniu ann, ón bPápa Eoin Pól II (1981), 51

PLEAN DÉ DÁR BPÓSADH AGUS DÁR DTEAGHLAIGH

Agus sinn ag tabhairt freagra
do ghlaoch Dé,
Críost a leanúint agus freastal ar ríocht Dé inár
ngairm bheatha i Sacraimint an Phósta,
iarraimid go dtiocfaidh Dia chugainn i nithiúlacht
imeachtaí, fadhbanna,
deacrachtaí agus cúinsí an tsaoil,
chun sinn a threorú agus a shoilsiú mar a roinnimid
grá Chríost lena chéile,
sna teaghlaigh againn, agus sinn ag obair,
sa chomharsanacht,
inár ranníocaíochtaí ar son na sochaí
agus i saol agus in adhartha ár bparóiste.¹¹

Le linn dúinn athdhearbhú a dhéanamh ar an luach uathúil atá ann do leanaí agus don tsochaí i róil fhrithpháirteacha agus chomhlántacha máthair agus athair, iarraimid nach mbainfí an bonn de phrionsabal an chomhionannais trí é a chur i bhfeidhm go míchuí maidir le cineálacha éagsúla de chaidreamh a bhfuil difríochtaí bunúsacha eatarthu. Is gaolmhaireacht faoi leith í an pósadh, difriúil ó gach eile gaolmhaireacht ar chúis.

11. Spreagtha ag Eoin Pól II, *Familiaris Consortio* (51), ó Leabhar Urnaí Teaghlaigh, Comhairle don Phósdadh agus don Teaghlach (Baile Átha Cliath: Veritas, 2013), lch. 164.



Tá géarchéim chultúrtha trom á fulaingt ag teaghlaigh, ag bannaí sóisialta agus ag pobail i gcoitinne sa lá atá inniu ann. Tá an lagú ar na bannaí i gcás an teaghlaigh tromchúiseach, ach go háirithe, toisc gur cill bhunúsach den sochaí í an teaghlach, áit a fhoghlaimimid conas maireachtáil le chéile, conas a bheith le chéile in ainneoin ár n-difríochtaí; áit í freisin ina roinneann tuismitheoirí creideamh lena gcuid leanaí. I láthair na huaire tá dearcadh ar an bPósadh mar chineál sásamh mothúcháinach ar féidir a thógáil ar dhóigh ar bith nó ar féidir a mhodhnú go toilteanach. Ach sáraíonn ranníocaíocht riachtanach an phósta mothúcháin agus riachtanais mhóimintiúla an lánúin. Mar atá múinte ag easpaig na Fraince: níor rugadh an pósadh ‘as seintimint gheanúil, gearrshaolach de réir sainmhínte, ach as doimhneacht na hoibleagáide a ghlacann na céilí chun dul isteach i gcomaoineach iomlán beatha’.

PÁPA PROINSIAS, *Evangelii Gaudium*, 66

*Is gaolmhaireacht faoi leith an pósadh,
difriúil ó gach eile gaolmhaireacht ar chúis*



IRISH CATHOLIC
BISHOPS' CONFERENCE
COMHDÁIL EASPAG CAITLICEACH ÉIREANN



VERITAS
www.veritas.ie



catholicbishops.ie



ICATHOLIC.IE